

CT1 2024 - R&D Claims

You are receiving this correspondence as our records show that you have made a Research and Development (R&D) corporation tax credit claim in the past.

Revenue is seeing high instances of errors and inaccurate information being submitted on form CT1 2024 when claiming R&D corporation tax credit.

We strongly encourage you to review the accuracy of any R&D claim submitted or to be submitted to ensure you make a valid claim.

What you need to do now:

If you have already submitted a claim for R&D corporation tax credit for 2024 or if you plan to do so:

1. Familiarise yourself with the R&D guidance on the Revenue website in particular *Research and Development (R&D) Corporation Tax Credit Tax and Duty Manual Part 29-02-03*, to ensure that your claim meets the legislative requirements.
2. Review and examine the list below of common issues/errors identified on CT1 when claiming R&D corporation tax credit.

If you have already submitted your claim to Revenue, you should review your claim and if, upon review it is identified that any of the R&D claim panels were completed incorrectly you should amend your claim within the 12-month statutory time limit.

If you plan to submit a claim, we strongly encourage you to ensure that any claim for R&D corporation tax credit submitted on CT1 2024 contains all relevant information and is completed correctly, accurately and within the 12-month statutory time limit to ensure that your claim is a valid claim.

It is important to emphasise that this is a self-assessment process, the onus is on you to ensure that a valid claim is made within the 12-month statutory time limit. Revenue also wish to affirm that we do not have discretion when applying the R&D legislative provisions.

Common Issues/errors identified on CT1 when claiming R&D corporation tax credit.

- Revenue have identified claims that are being made under the incorrect legislation.
 - The amount of R&D corporation tax credit claimed must be completed under the correct legislation on the CT1 form in order to make a valid R&D claim. Claims for R&D corporation tax credit under Section 766C TCA 1997 should be made in respect of all qualifying expenditure attributable to the company in this accounting period. Claims under section 766D TCA 1997 should be made in respect of the cost of construction or refurbishment of a building in the accounting period.
- Revenue have identified double claims being made, i.e. claiming R&D credits in 2023 or 2024 that were already claimed and repaid in prior accounting periods.

- Revenue have identified claims which are being made outside of the statutory 12-month time limit. The legislation is very clear and unambiguous. Revenue do not have discretion to allow claims for R&D corporation tax credit outside the statutory time limit.
- Expenditure Breakdown:
 - The expenditure breakdown should be provided on Section 766C TCA 1997 panels of the CT1. The breakdown between machinery and plant, emoluments, and the sum of the remaining qualifying expenditure is a legislative requirement. Failure to provide this breakdown will lead to an invalid claim.
 - Where the expenditure breakdown is completed on Section 766C TCA 1997 panel of the CT1, ensure that the breakdown between machinery and plant, emoluments and the sum of the remaining qualifying expenditure is provided and correct. This is a legislative requirement.

Please ensure you complete each category correctly. Amounts generally should not be zero, particularly emoluments.

- Section 766C(7) TCA 1997 provides that companies must specify on the CT1 whether each instalment should be — (a) treated as an overpayment of tax, for the purposes of section 960H TCA 1997, or (b) paid to the company by the Revenue Commissioners. This is being omitted in some cases. Failure to provide this breakdown will lead to an invalid claim.

Where a company elects for the first instalment of the R&D corporation tax credit to be treated as an overpayment of tax which is then set, in whole or in part, against its Corporation Tax liability for the accounting period, the amount that is offset may be taken into account in the calculation of preliminary Corporation Tax for that accounting period and the subsequent accounting period. This election applies in respect of the first instalment only. The amount of the company's Corporation Tax liability is reduced by the amount of the credit that is offset. Where this amount is not included correctly on the CT1 this will result in no amount of the credit being available for offset for preliminary tax purposes.

- Review the value of instalments carried forward. Revenue have identified claims where the value of instalments carried forward for prior years are incorrect or they are entered in the incorrect section of R&D panels on the CT1.
- Grants: Any expenditure which is met directly or indirectly by *any* grant aid or assistance from the State, or a relevant Member State of the EU, EEA, or the UK, or a State other than the State or a Member State will not qualify for relief. This means that any R&D expenditure which is met by grant amounts received or to be received should be disregarded when computing your claim.

Please refer to Tax and Duty Manual *Research and Development (R&D) Corporation Tax Credit Tax and Duty Manual Part 29-02-03*, paragraph 2.6 for full details on how to correctly treat grants or aid received when claiming R&D corporation tax credit.

- Review the sub-contractor and university costs panel of the CT1. Revenue have identified cases where these panels on the form CT1 are not completed, or the claim for subcontractor and universities costs are overstated having regard to the maximum amount permitted under the legislation

Please refer to Tax and Duty Manual *Research and Development (R&D) Corporation Tax Credit Tax and Duty Manual Part 29-02-03*, paragraph 6.1.

Revenue is in the process of producing a series of walk-through videos on how to complete the R&D panels on the form CT1 2024. These will be available shortly on our website.

CT1 2024 - Éilimh T&F

Tá an comhfhreagras seo á fháil agat toisc go léiríonn ár dtaifid go ndearna tú éileamh ar chreidmheas cánach corparáide Taighde agus Forbartha (T&F) cheana.

Tá cásanna arda earráidí agus faisnéis mhíchruinn á tíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim ar fhoirm CT1 2024 agus creidmheas cánach corparáide T&F á n-éileamh.

Molainn muid go láidir duit athbhreithniú a dhéanamh ar chruinneas aon éilimh T&F a chuirtear isteach nó a chuirfear isteach chun a chinntiú go ndéanann tú éileamh bailí.

Céard is gá duit a dhéanamh anois:

Má tá éileamh curtha isteach agat cheana féin ar chreidmheas cánach corparáide T&F do 2024 nó má tá sé i gceist agat é sin a dhéanamh:

1. Cuir eolas maith ar an treoir T&F ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, go háirithe *Creidmheas Cánach Corparáide Taighde agus Forbartha (T&F) Lámhleabhar Cánach agus Dleachta Cuid 29-02-03*, chun a chinntiú go gcomhlíonann d'éileamh na ceanglais reachtaíochta.
2. Déan athbhreithniú agus scrúdú ar an liosta thíos de na saincheistanna/earráidí coitianta a aithníodh ar CT1 agus creidmheas cánach corparáide T&F á n-éileamh.

Má tá d'éileamh curtha isteach agat cheana féin chuig na Coimisinéirí Ioncaim, ba chóir duit athbhreithniú a dhéanamh ar d'éileamh agus más rud é, tar éis athbhreithniú a dhéanamh, go n-aithnítear gur comhlánaíodh aon cheann de na painéil éilimh T&F go mícheart, ba chóir duit d'éileamh a leasú laistigh den teorainn ama reachtúil 12 mhí.

Má tá sé ar intinn agat éileamh a chur isteach, molainn muid go láidir duit a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha go léir in aon éileamh ar chreidmheas cánach corparáide T&F a chuirtear isteach ar CT1 2024 agus go gcomhlánaítear é i gceart, go cruinn agus laistigh den teorainn ama reachtúil 12 mhí chun a chinntiú gur éileamh bailí é d'éileamh.

Tá sé tábhachtach a chur in iúl gur próiseas féinmheasúnaithe é seo, agus go bhfuil sé de dhualgas ort a chinntiú go ndéantar éileamh bailí laistigh den teorainn ama reachtúil 12 mhí. Is mian leis na Coimisinéirí loncaim a dhearbhu freisin nach bhfuil discríd againn agus na forálacha reachtacha Taighde agus Forbartha á gcur i bhfeidhm.

Saincheisteanna/earráidí coitianta a aithníodh ar CT1 agus creidmheas cánach corparáide T&F á éileamh

- Tá éilimh aitheanta ag na Coimisinéirí loncaim atá á ndéanamh faoin reachtaíocht mhícheart.
 - Ní mór méid an chreidmheasa cánach corparáide T&F a éilítear a chomhlánú faoin reachtaíocht cheart ar an bhfoirm CT1 chun éileamh bailí T&F a dhéanamh. Ba chóir éilimh ar chreidmheas cánach corparáide T&F faoi Alt 766C den ACC 1997 a dhéanamh i leith an chaiteachais cháilithigh go léir is inchurtha i leith na cuideachta sa tréimhse chuntasaíochta seo. Ba chóir éilimh faoi alt 766D den ACC 1997 a dhéanamh i leith an chostais a bhaineann le tógáil nó athfheistiú foirgnimh sa tréimhse chuntasaíochta.
- D'aithin na Coimisinéirí loncaim éilimh dhúbailte atá á ndéanamh, is é sin creidmheasanna T&F a éileamh in 2023 nó 2024 a éilíodh agus a aisíocadh cheana féin i dtréimhsí cuntasaíochta roimhe seo.
- D'aithin na Coimisinéirí loncaim éilimh atá á ndéanamh lasmuigh den teorainn ama reachtúil 12 mhí. Tá an reachtaíocht an-soiléir. Níl discríd ag na Coimisinéirí loncaim éilimh ar chreidmheas cánach corparáide T&F a cheadú lasmuigh den teorainn ama reachtúil.
- Miondealú Caiteachais:
 - Ba chóir an miondealú caiteachais a sholáthar ar phainéil Alt 766C ACC 1997 den CT1. Is ceanglas reachtach é an miondealú idir innealra agus gléasra, díolaíochtaí agus suim an chaiteachais cháilithigh atá fágtha. Má loictear an miondealú seo a chur ar fáil, beidh éileamh neamhbhailí mar thoradh air seo.
 - Sa chás go gcuirtear an miondealú caiteachais i gcrích ar phainéal Alt 766C ACC 1997 den CT1, cinntigh go gcuirtear an miondealú idir innealra agus gléasra, díolaíochtaí agus suim an chaiteachais cháilithigh atá fágtha ar fáil agus go bhfuil sé ceart. Is ceanglas reachtach é seo.

Déan cinnte go gcomhlánaíonn tú gach catagóir i gceart. Níor chóir go mbeadh méideanna nialasacha i gcoitinne, go háirithe díolaíochtaí.

- Foráiltear le halt 766C(7) TCA ACC go gcaithfidh cuideachtaí a shonrú ar an CT1 ar chóir gach tráthíocaíocht — (a) a chaitheamh mar ró-íocaíocht cánach, chun críocha alt 960H ACC 1997, nó (b) a íoc leis an gcuideachta ag na Coimisinéirí loncaim. Tá sé seo á fhágáil ar lár i gcásanna áirithe. Má loictear an miondealú seo a chur ar fáil, beidh éileamh neamhbhailí mar thoradh air seo.

I gcás ina roghnaíonn cuideachta go ndéileálfar leis an gcéad tráthíocaíocht den chreidmheas cánach corparáide T&F mar ró-íocaíocht cánach a shocraítear ansin, go hiomlán nó go páirteach, i gcoinne a dliteanas Cánach Corparáide don tréimhse chuntasaíochta, féadtar an méid a fhritháirítear a chur i gcuntas agus réamhcháin Chorporáide á ríomh don tréimhse chuntasaíochta sin agus don tréimhse chuntasaíochta ina dhiaidh sin. Ní bhaineann an roghnú seo ach leis an gcéad tráthíocaíocht. Laghdaítear méid dhliteanas Cánach Corparáide na cuideachta de mhéid an chreidmheasa a fhritháirítear. Sa chás nach bhfuil an méid seo san áireamh i gceart ar an CT1, ní bheidh aon mhéid den chreidmheas ar fáil le fritháireamh chun críocha réamhchánach a bheith mar thoradh air sin.

- Déan athbhreithniú ar luach na dtráthíocaíochtaí a tugadh ar aghaidh. Tá éilimh aitheanta ag na Coimisinéirí loncaim ina bhfuil luach na dtráthíocaíochtaí a tugadh ar aghaidh do bhlianta roimhe sin mícheart nó ina bhfuil siad curtha isteach sa rannán mícheart de phainéil T&F ar CT1.
- Deontais: Ní cháileoidh *aon* chaiteachas a íoctar go díreach nó go hindíreach le haon chúnamh deontais nó cúnamh ón Stát, nó ó Bhallstát ábhartha den AE, den LEE, nó ón Ríocht Aontaithe, nó ó Stát seachas an Stát nó Ballstát. Ciallaíonn sé seo gur chóir neamhaird a dhéanamh ar aon chaiteachas T&F a íoctar le méideanna deontais a fhaightear nó atá le fáil agus d'éileamh á ríomh.

Féach ar *Lámhleabhar Cánach agus Dleachta Taighde agus Forbartha (T&F)*
Lámhleabhar Creidmheasa Cánach Corparáide Cánach agus Dleachta Cuid 29-02-03, mír 2.6 chun sonraí iomlána a fháil maidir le cén chaoi le déileáil i gceart le deontais nó cúnamh a fhaightear nuair a bhíonn creidmheas cánach corparáide T&F á n-éileamh.

- Déan athbhreithniú ar na painéil costais fochonraitheora agus ollscoile de chuid an CT1. D'aithin na Coimisinéirí loncaim cásanna nach bhfuil na painéil seo ar an bhfoirm CT1 comhlánaithe, nó ina bhfuil an t-éileamh ar chostais fochonraitheoirí agus ollscoileanna iomarcach ag féachaint don uasmhéid a cheadaítear faoin reachtaíocht

Féach ar *Lámhleabhar Cánach agus Dleachta Lámhleabhar Cánach agus Dleachta Creidmheasa Cánach Corparáide Taighde agus Forbartha Cuid 29-02-03, mír 6.1.*

Tá na Coimisinéirí loncaim i mbun sraith físeán cleachtaidh a dhéanamh ar cén chaoi leis na painéil Taighde agus Forbartha a chomhlánú ar an bhfoirm CT1 2024. Beidh siad seo ar fáil go luath ar ár suíomh idirlín.